

## Gailearaí Olivier Cornet

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Ghailearaí Olivier Cornet. An bhfuil na focail seo, a bheidh le cloisteáil sa mhír, ar eolas agat? Pléigh leis an duine in aice leat iad.

- corraí
- i dtaisce
- taispeántas
- ceannaitheoirí
- pictiúir uiscedhathanna
- faoi dhianghlasáil
- na hiontais bheaga laethúla
- leac an dorais
- portach
- gairdín cuimhneacháin
- comóradh
- turas fíorúil



**Ceist 2** Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí buille faoi thuairim faoi ábhar na tuairisce, sula bhféachfaidh sibh uirthi.

**Ceist 3** Féach ar an mír faoi dhó agus freagair na ceistanna thíos:

1. Cé mhéad atá sábháilte ag muintir na hÉireann le tamall anuas?
2. Cén fáth a bhfuil an oiread sin airgid curtha i dtaisce?
3. Cá bhfuil taispeántas Eoin Mhic Lochlainn ar siúl?
4. Cad é teideal an taispeántais agus cén fáth a bhfuil an teideal sin air?
5. Cén fáth a bhfuil na pictiúir i bhfoirm fuinneoige?
6. Cén fáth a ndearna Eoin Mac Lochlainn an pictiúr 'Gairdín Cuimhneacháin'?

**Ceist 4** Bain amach na lúibíní thíos agus cuir an fhoirm cheart de na focail sna spásanna tugtha. Éist leis an mír ansin le feiceáil an raibh an ceart agat.

### Eimear Ní Chonaola

Anois, ó tharla gur beag deis a bhí ag daoine corraí amach le linn (an phaindéim) \_\_\_\_\_, meastar go bhfuil suas le 15 billiún euro curtha i dtaisce ag muintir (Éire) \_\_\_\_\_ le bliain. Is olc an (gaoth) \_\_\_\_\_ nach séideann maith do dhuine éigin, a deirtear. Agus, deir úinéirí gailearaithe go bhfuil siad ag díol i bhfad níos mó saothar le cúpla mí anuas.

### Irene Ní Nualláin

Seoladh taispeántas nua (ealaín) \_\_\_\_\_ leis an ealaíontóir Eoin Mac Lochlainn i nGailearaí Olivier Cornet, i gCathair (Baile Átha Cliath)

\_\_\_\_\_, tráthnóna. Ar líne amháin atá an taispeántas le feiceáil ach níl an méid seo ag cur isteach ar (ceannaitheoirí) \_\_\_\_\_.

**Irene Ní Nualláin**

Deir Olivier go raibh drochbhliain aige anuraidh ach go bhfuil cúrsaí ag dul i bhfeabhas agus breis saothar á (díol) \_\_\_\_\_ aige le roinnt míonna anuas. ‘Is glas iad na Cnoic’ an teideal atá ar an taispeántas, pictiúir uiscadhathanna atá iontu, bunaithe ar an tréimhse a chaith Eoghan faoi dhianghlasáil.

**Eoin Mac Lochlainn, Ealaíontóir**

An rud atá i gceist ná b’fhéidir gur chóir dúinn a bheith sásta le céard atá againn, gan a bheith ag lorg níos mó an (am) \_\_\_\_\_ ar fad.

**Irene Ní Nualláin**

Is i bhfoirm (fuinneog) \_\_\_\_\_ atá an saothar bunaithe agus ar na hiontais bheaga laethúla atá le feiceáil ar leac an dorais againn. Cuimhní den phortach, de na sléibhte agus den fharraige a choinnigh Eoghan ag imeacht le linn (an dianghlasáil) \_\_\_\_\_ agus iad le haithint ar a shaothar chomh maith.

**Eoin Mac Lochlainn, Ealaíontóir**

Rinne mé an ceann seo – Gairdín Cuimhneacháin – (caill) \_\_\_\_\_ go leor daoine i rith na paindéime agus tá sé deacair, bhfuil a fhios agat, céard le déanamh faoi, nó céard le rá i gcónaí, ach rinne mé ceann le comóradh a dhéanamh orthu, sin céard a bhí i gceist agam.

**Irene Ní Nualláin**

Is féidir turas fíorúil a thabhairt ar an taispeántas ar an (suíomh) \_\_\_\_\_ [oliviercornetgallery.com](http://oliviercornetgallery.com).

**Ceist 5**

Cúrsaí teanga

1. An bhfuil focal eile agat ar ‘portach’?
2. Cuir an fhoirm cheart den fhocal ‘ealaín’ sna bearnaí thíos:
  - Is breá liom an \_\_\_\_\_ sa ghailearaí sin.
  - Is breá liom stíl na \_\_\_\_\_ sa ghailearaí sin.
  - Chuir an phaindéim isteach go mór ar na \_\_\_\_\_.
  - An Chomhairle \_\_\_\_\_.
3. Cén Ghaeilge atá ar: *For the last few weeks actually things have been picking up?*

**Ceist 6**

Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. An bhfuil dúil agat san ealaín nó sna healaíona?
2. Féach ar na pictiúir sa mhír arís. Roghnaigh an ceann is fearr leat agus abair cén fáth a bhfuil dúil agat ann.

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

corraí – *move, stir*  
cuir i dtaisce – *put away, save*  
taispeántas – *exhibition*  
ceannaitheoirí – *buyers*  
pictiúir uiscedhathanna – *watercolour paintings*  
faoi dhianghlasáil – *in lockdown*  
na hiontais bheaga laethúla – *the daily little wonders*  
leac an dorais – *doorstep*  
portach – *bog*  
gairdín cuimhneacháin – *garden of remembrance*  
comóradh – *celebration, commemoration*  
turas fíorúil – *virtual tour*

### Ceist 2

Tá an obair seo le déanamh sula seinnfear an tuairisc. Pléigh na tuairimí atá ag an rang ach ná luaigh ábhar na míre leo roimh ré.

### Ceist 3

Cuir an mhír ar siúl faoi dhó agus tabhair deis do gach beirt na freagraí a phlé le chéile.

### Ceist 4

#### Eimear Ní Chonaola

Anois, ó tharla gur beag deis a bhí ag daoine corraí amach le linn **na paidéime**, meastar go bhfuil suas le 15 billiún euro curtha i dtaisce ag muintir **na hÉireann** le bliain. Is olc **an ghaoth** nach séideann maith do dhuine éigin, a deirtear. Agus, deir úinéirí gailearaithe go bhfuil siad ag díol i bhfad níos mó saothar le cúpla mí anuas.

#### Irene Ní Nualláin

Seoladh taispeántas nua **ealaíne** leis an ealaíontóir Eoin Mac Lochlainn i nGailearaí Olivier Cornet i gCathair **Bhaile Átha Cliath**, tráthnóna. Ar líne amháin atá an taispeántas le feiceáil ach níl an méid seo ag cur isteach ar **cheannaitheoirí**.

#### Irene Ní Nualláin

Deir Olivier go raibh drochbhliain aige anuraidh ach go bhfuil cúrsaí ag dul i bhfeabhas agus breis saothar á **ndíol** aige le roinnt míonna anuas. ‘Is glas iad na Cnoic’ an teideal atá ar an taispeántas, pictiúir uiscedhathanna atá iontu, bunaithe ar an tréimhse a chaith Eoghan faoi dhianghlasáil.

#### Eoin Mac Lochlainn, Ealaíontóir

An rud atá i gceist ná b’fhéidir gur chóir dúinn a bheith sásta le céard atá againn, gan a bheith ag lorg níos mó an **t-am** ar fad.

#### Irene Ní Nualláin

Is i bhfoirm **fuinneoige** atá an saothar bunaithe agus ar na hiontais bheaga laethúla atá le feiceáil ar leac an dorais againn. Cuimhní den phortach, de na sléibhte agus den fharraige a choinnigh Eoghan ag imeacht le linn **na dianghlasála** agus iad le haithint ar a shaothar chomh maith.

#### Eoin Mac Lochlainn, Ealaíontóir

Rinne mé an ceann seo – Gairdín Cuimhneacháin – **cailleadh** go leor daoine i rith na paidéime agus tá sé deacair, bhfuil a fhios agat, céard le déanamh faoi, nó céard le rá i gcónaí, ach rinne mé ceann le comóradh a dhéanamh orthu, sin céard a bhí i gceist agam.

#### Irene Ní Nualláin

Is féidir turas fíorúil a thabhairt ar an taispeántas ar an **suíomh** [oliviercornetgallery.com](http://oliviercornetgallery.com).

### Ceist 5

1. Criathrach, caorán.
2. Féach:

Is breá liom **an ealaín** sa ghailearaí sin.  
Is breá liom stíl **na healaíne** sa ghailearaí sin.  
Chuir an phaindéim isteach go mór ar **na healaíona**.  
An Chomhairle **Ealaíon**.

3. Mar a tharlaíonn, tá cúrsaí ag dul i bhfeabhas le cúpla seachtain anuas.

### **Ceist 6**

Is féidir na foghlaimoirí a chur ag plé na gceistanna seo i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

**Eimear Ní Chonaola**

Anois, ó tharla gur beag deis a bhí ag daoine corraí amach le linn na paindéime, meastar go bhfuil suas le 15 billiún euro curtha i dtaisce ag muintir na hÉireann le bliain. Is olc an ghaoth nach séideann maith do dhuine éigin, a deirtear. Agus, deir úinéirí gailearaithe go bhfuil siad ag díol i bhfad níos mó saothar le cúpla mí anuas.

**Irene Ní Nualláin**

Seoladh taispeántas nua ealaíne leis an ealaíontóir Eoin Mac Lochlainn i nGailearáí Olivier Cornet i gCathair Bhaile Átha Cliath, tráthnóna. Ar líne amháin atá an taispeántas le feiceáil ach níl an méid seo ag cur isteach ar cheannaitheoirí.

**Olivier Cornet, Gailearáí Olivier Cornet**

*For the last few weeks actually things have been picking up.*

**Irene Ní Nualláin**

Deir Olivier go raibh drochbhliain aige anuraidh ach go bhfuil cúrsaí ag dul i bhfeabhas agus breis saothar á ndíol aige le roinnt míonna anuas. 'Is glas iad na Cnoic' an teideal atá ar an taispeántas, pictiúir uiscedhathanna atá iontu, bunaithe ar an tréimhse a chaith Eoghan faoi dhianghlasáil.

**Eoin Mac Lochlainn, Ealaíontóir**

An rud atá i gceist ná b'fhéidir gur chóir dúinn a bheith sásta le céard atá againn, gan a bheith ag lorg níos mó an t-am ar fad.

**Irene Ní Nualláin**

Is i bhfoirm fuinneoige atá an saothar bunaithe agus ar na hiontais bheaga laethúla atá le feiceáil ar leac an dorais againn. Cuimhní den phortach, de na sléibhte agus den fharraige a choinnigh Eoghan ag imeacht le linn na dianghlasála agus iad le haithint ar a shaothar chomh maith.

**Eoin Mac Lochlainn, Ealaíontóir**

Rinne mé an ceann seo – Gairdín Cuimhneacháin – cailleadh go leor daoine i rith na paindéime agus tá sé deacair, bhfuil a fhios agat, céard le déanamh faoi, nó céard le rá i gcónaí, ach rinne mé ceann le comóradh a dhéanamh orthu, sin céard a bhí i gceist agam.

**Irene Ní Nualláin**

Is féidir turas fíorúil a thabhairt ar an taispeántas ar an suíomh [oliviercornetgallery.com](http://oliviercornetgallery.com).

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4.